

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B** RIALACHÁN (AE) Uimh. 1296/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Nollaig 2013

maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

(IO L 347, 20.12.2013, lch. 238)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► M1	Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016	L 107	1	22.4.2016
► M2	Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018	L 193	1	30.7.2018



**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1296/2013 Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

an 11 Nollaig 2013

**maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um
Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh
Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoi-
niúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta
agus cuimsiú sóisialta**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TEIDEAL I

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ('an Clár'), lena ndírítear ar rannchuidiú le cur chun feidhme Eoraip 2020, lena n-áirítear a príomh-spriocanna, a Treoirilínte Comhtháite agus a tionscnaimh shuaitheanta trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do chuspóirí an Aontais maidir le hardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith agus chuibhiúil a ráthú, eisiámh sóisialta agus bochtaineacht a chomhrac agus dálaí oibre a fheabhsú.

2. Mairfidh an Clár ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' gnóthas, beag beann ar a fhoirm dhlí:

(a) a bhfuil sé mar phríomhaidhm aige tionchair shóisialta intomhaiste dearfacha a bhaint amach seachas brabús a dhéanamh dá úinéirí, dá chomhaltaí agus dá scairshealbhóirí, i gcomhréir lena Airteagail Chomhlachais, lena Reachtanna nó le haon doiciméad dlíthiúil eile lenar bunaíodh an gnó, agus a bhfuil na nithe seo a leanas fíor ina leith:

(i) go soláthraíonn sé seirbhísí nó earraí a thugann toradh sóisialta agus/nó

(ii) go n-úsáideann sé modh táirgthe earraí nó seirbhísí trína léirítear a chuspóir sóisialta;

(b) go n-úsáideann sé a bhrabúis go príomha chun a phríomhaidhm a bhaint amach agus go bhfuil nósanna imeachta agus rialacha réamh-mhínte leagtha síos aige maidir le haon imthosca ina ndáiltear brabús ar scairshealbhóirí agus ar úinéirí chun a áirithiú nach ndéanfaidh dáileadh den sórt sin dochar dá phríomhaidhm; agus

▼B

- (c) go ndéantar é a bhainistiú ar bhealach fiontraíoch, cuntasach agus trédhearcach, go háirithe trí ról a thabhairt d'oibrithe, do chustaiméirí agus do gheallsealbhóirí a mbíonn tionchar ag a chuid gníomhaíochtaí gnó orthu;
- (2) ciallaíonn 'micrichreidmheas' iasacht suas le EUR 25 000;
- (3) ciallaíonn 'micrifhiontar' fiontar, lena n-áirítear duine féin-fhostaithe, ina bhfuil níos lú ná 10 nduine fostaithe, agus nach bhfuil a láimhdeachas bliantúil nó iomlán bliantúil a chláir chomhardaithe níos mó ná EUR 2 mhilliún, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁾,
- (4) cuimsítear le 'micreamhaoiniú' ráthaíochtaí, micrichreidmheas, gnáthscaireanna agus samhail-ghnáthscaireanna a thugtar do dhaoine agus do mhicrifhiontair a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar chreidmheas;
- (5) ciallaíonn 'nuálaíochtaí sóisialta' nuálaíochtaí atá sóisialta ó thaobh a gcuspóra agus a riachtanas de araon agus go háirithe iad siúd a bhaineann le forbairt agus le cur chun feidhme smaointe nua (maidir le táirgí, seirbhísí agus samhlacha) a chomhlíonann riachtanais shóisialta agus ag an am céanna a chruthaíonn caidreamh nó comharaíochtaí sóisialta nua agus ar an gcaoi sin téann siad chun leasa na sochaí agus treisíonn siad freisin inniúlacht na sochaí chun gníomhú;
- (6) ciallaíonn 'tástáil beartais shóisialta' idirghabhálacha beartais a thugann freagra nuálaíocha ar riachtanais shóisialta, ar idirghabhálacha iad a chuirtear chun feidhme ar scála beag agus i gcoinníollacha lena ligtear a dtionchar a thomhas sula ndéantar arís iad ar scála níos mó, má tá na torthaí dearfach.

*Airteagal 3***Struchtúr an Chláir**

1. Beidh na trí ais chomhlántachta seo a leanas sa Chlár:
- (a) An ais maidir le Dul Chun Cinn, a thacóidh le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht ar ionstraimí Aontais agus ar bheartais Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 agus dlí ábhartha an Aontais, agus a chuirfidh chun cinn ceapadh beartas fianaise-bhunaithe, nuálaíocht shóisialta agus dul chun cinn sóisialta, i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhlachtaí poiblí agus príobháideacha.
- (b) An ais maidir le EURES a thacóidh le gníomhaíochtaí a dhéanann EURES, eadhon na seirbhísí sainiúla atá ainmnithe ag stáit LEE agus Cónaidhm na hEilvéise, mar aon le comhpháirtithe sóisialta, soláthróirí seirbhíse fostaíochta eile agus páirtithe leasmhara eile, chun malartuithe agus scaipeadh faisnéise agus cineálacha eile

⁽¹⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

▼B

comhair a fhorbairt, amhail comhpháirtíochtaí trasteorann, chun soghluaisteacht gheografach dheonach d'oibrithe a chur chun cinn ar bhonn cothrom agus chun rannchuidiú le hardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe.

- (c) An ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta, lena méadófar rochtain ar mhaoiniú agus infhaighteacht maoinithe do dhaoine dlítheanacha agus fisiciúla de bhun Airteagal 26.

2. Beidh feidhm ag na forálacha coiteanna a leagtar síos sa Teideal seo maidir leis na trí hais uile a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1, chomh maith le forálacha sonracha Theideal II.

*Airteagal 4***Cuspóirí ginearálta an Chláir**

1. Beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas i gceist leis an gClár:
 - (a) úinéireacht a threisiú i measc lucht déanta beartas ar gach leibhéal, agus gníomhaíochtaí nithiúla, comhordaithe agus nuálaíochta a thabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an Bhallstáit araon, i ndáil le cuspóirí an Aontais sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, i ndlúthchomharaíocht leis na comhpháirtithe sóisialta, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhlachtaí poiblí agus príobháideacha;
 - (b) tacú le forbairt córas cosanta sóisialta agus margáí saothair atá leormhaith, inrochtana agus éifeachtach agus athchóiriú beartais a éascú, sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, go sonrach trí obair agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn, mar aon le cultúr an choisc do shláinte agus sábháilteacht ag an obair, cothromaíocht níos sláintiúla idir an saol proifisiúnta agus an saol príobháideach agus do dhea-rialachas do chuspóirí sóisialta, lena n-áirítear cóineasú, chomh maith le foghlaim fhrithpháirteach agus nuálaíocht shóisialta;
 - (c) a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach dlí an Aontais maidir le nithe a bhaineann leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1, agus, i gcás inarb iomchuí, rannchuidiú le nua-aoisiú dhlí an Aontais, ar aon dul le prionsabail oibre chuibhiúla, agus ag cur san áireamh prionsabail na Rialála Cliste;
 - (d) soghluaisteacht gheografach dheonach oibrithe a chur chun cinn ar bhonn cothrom agus borradh a chur faoi dheiseanna fostaíochta trí mhargáí saothair Aontais a fhorbairt atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach agus atá oscailte agus inrochtana do chách agus ag an am céanna cearta oibrithe ar fud an Aontais lena n-áirítear saoirse gluaiseachta a urramú.
 - (e) fostaíocht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí infhaighteacht agus inrochtaineacht micreamhaoinithe a mhéadú do dhaoine leochaileacha ar mian leo micrifhiontar a thosú agus do mhicrifhiontair atá ann cheana, agus trí rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair shóisialta a mhéadú.

▼B

2. I saothrú na gcuspóirí sin, beidh sé mar aidhm ag an gClár, ina chuid aiseanna agus gníomhaíochtaí uile, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) aird faoi leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha, amhail daoine óga;
- (b) comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn, lena n-áirítear trí phríomhshruthú inscne agus, sa chás gur cuí, buiséadú inscne;
- (c) idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar aois nó ar threosuíomh gnéasach a chomhrac;
- (d) agus beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais á sainmhíniú agus á gcur chun feidhme aige, ardleibhéal fostaíochta cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith agus chuibhiúil a ráthú, dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac agus an troid i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

*Airteagal 5***An Buiséad**

1. EUR 919 469 000 i bpragsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Clár a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020.

▼M2

2. Le linn thréimhse iomlán an Chláir, beidh feidhm ar an meán ag na céatadáin tháscacha seo a leanas ar na haiseanna a leagtar amach in Airteagal 3(1):

- (a) 55 % ar a laghad don ais maidir le Progress;
- (b) 18 % ar a laghad don ais maidir le *EURES*;
- (c) 18 % ar a laghad don ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta.

▼B

3. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as suas go 2 % den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun caiteachais oibríochtúla chun tacú le cur chun feidhme an Chláir a mhaoiniú.

4. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as an imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 chun cúnaimh teicniúil agus/nó cúnaimh riaracháin a mhaoiniú, go háirithe maidir le hiniúcháireacht, eisfhoinsiú aistriúcháin, cruinnithe saineolaithe, agus gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar comhleas don Choimisiún agus do na tairbhíthe.

5. Déanfar leithreasáí bliantúla a údarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de heorainneacha atá leagtha síos sa chreat airgeadais ilbhliantúil.



Airteagal 6

Gníomhaíocht chomhpháirteach

Féadfar gníomhaíochtaí atá incháilithe faoin gClár a chur chun feidhme go comhpháirteach le hionstraimí Aontais eile, ar choinníoll go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí sincuspóirí an Chláir agus cuspóirí na n-ionstraimí eile lena mbaineann araon.

Airteagal 7

Comhsheasmhacht agus comhlántacht

1. Áiríteoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, go mbeidh na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gClár ar aon dul le agus comhlántach le gníomhaíochtaí Aontais eile, amhail Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIEanna) amhail a shonraítear sa Chomhchreat Straitéiseach a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, go háirithe faoi CSE.

2. Déanfaidh an Clár cláir eile de chuid an Aontais a chomhlánú gan dochar do nósanna imeachta sonracha na gclár sin. Ní bhfaighidh na costais incháilithe chéanna maoiniú dúbailte, agus forbrófar sineirgíochtaí dlútha idir an Clár, cláir eile an Aontais agus CSIEanna, go háirithe CSE.

3. Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí arna dtacú ag an gClár dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear rialacha maidir le stát-chabhair, agus Coinbhinsiún bhunúsacha an EIS.

4. Áiríteofar comhsheasmhacht agus comhlántacht freisin trí dhlúthbhaint a bheith ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha leis.

Airteagal 8

Comhar le comhlachtaí ábhartha

Bunóidh an Coimisiún na naisc riachtanacha leis an gCoiste Fostaíochta, leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, leis an gCoiste Comhairleach ar Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, le Grúpa na nArd-Stiúrthóirí don Chaidreamh Tionsclaíoch agus leis an gCoiste Comhairleach ar Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe d'fhonn a áirithiú go gcoimeádfar ar an eolas iad go rialta agus go hiomchuí faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme an Chláir. Cuirfidh an Coimisiún coistí eile a dhéileálann le beartais, ionstraimí agus gníomhaíochtaí atá ábhartha don Chlár ar an eolas freisin.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, le Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe (Féach leathanach 320 den Iris Oifigiúil seo).



Airteagal 9

Torthaí agus cumarsáid a scaipeadh

1. Cuirfidh an Coimisiún geallsealbhóirí an Aontais, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar an eolas faoi na torthaí maidir le cur chun feidhme an Chláir, agus iarrfar orthu tuairimí a mhalartú.

2. Déanfar torthaí na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún, agus freisin do na comhpháirtithe sóisialta agus don phobal, agus scaipfear go rialta agus go hiomchuí iad, d'fhonn a dtionchar, a n-inbhuanaitheacht agus a mbreisluach Aontais a uasmhéadú.

3. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí cumarsáide freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh, ar feadh a mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, agus cuirfidh siad faisnéis faoi na tosaíochtaí sin ar fáil don phobal.

Airteagal 10

Forálacha airgeadais

1. Déanfaidh an Coimisiún an Clár a bhainistiú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2. Sonróidh an comhaontú deontais an chuid de rannchuidú airgeadais an Aontais a bheidh bunaithe ar aisíocaíocht costas incháilithe iarbhir agus an chuid a bheidh bunaithe ar rátaí comhréidhe, ar chostais aonaid nó ar chnapshuimeanna.

Airteagal 11

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta coisctheacha iomchuí chun a áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gClár seo chun feidhme, go gcosófar leasanna airgeadais an Aontais ar chalaíoch, ar éilliú agus ar aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, agus má bhraitear neamhrialtachtaí, trí acmhainní a aisghabháil, trí fhritháireamh go príomha, ach, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, i gcomhréir le hAirteagal 325 CFAE, le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ⁽¹⁾ agus leis an Rialachán Airgeadais.

2. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, i dtaca le gach tairbhí deontas, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais faoin gClár.

⁽¹⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

▼B

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ⁽¹⁾ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile ⁽²⁾, d'fhonn a shuíomh cé acu an raibh nó nach raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ann a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontas nó le conradh a maoiníodh faoin gClár.

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 2a, beidh forálacha i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais a eascraíonn as cur chun feidhme an Chláir seo lena gcumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF na hiniúchtaí agus na himscrúduithe dá dtagraítear sna míreanna sin a sheoladh, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.

*Airteagal 12***Faireachán**

D'fhonn faireachán rialta a dhéanamh ar an gClár agus d'fhonn aon choigeartuithe is gá ar a thosaíochtaí beartais agus cistiúcháin a dhéanamh, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil tosaigh faireacháin cháilíochtúil agus chainníochtúil lena gcumhdófar bliain amháin agus, ina dhiaidh sin, trí thuarascáil lena gcumhdófar tréimhsí dhá bhliain comhleanúnacha agus cuirfidh sé chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle iad. Cuirfear na tuarascálacha ar aghaidh freisin, chun críocha eolais, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin. Cumhdóidh na tuarascálacha torthaí an Chláir agus a mhéid a cuireadh i bhfeidhm prionsabail an chomhionannais idir mná agus fir, agus an phríomhshruthaithe inscne agus an chaoi ar tugadh aghaidh ar bhreithnithe frith-idirdhealaithe, lena n-áirítear saincheisteanna inrochtaineachta, tríd bhíthin a ghníomhaíochtaí. Cuirfear na tuarascálacha ar fáil don phobal chun cur le trédhearcacht an Chláir.

*Airteagal 13***Meastóireacht**

1. Déanfar meastóireacht lár téarma ar an gClár faoin 1 Iúil 2017 chun an dul chun cinn atá déanta aige maidir le cuspóirí an Chláir a bhaint amach a thomhas, ar bhonn cáilíochtúil agus cainníochtúil, chun aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht shóisialta laistigh den Aontas agus ar aon athrú mór a tugadh isteach le reachtaíocht an Aontais, chun a chinneadh cé acu ar baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní an Chláir nó nár baineadh agus chun a bhreisluach Aontais a mheas. Cuirfear torthaí na meastóireachta lár téarma sin i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus míréireachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

▼B

2. Má nochtar go bhfuil easnaimh mhóra sa Chlár leis an meastóireacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó in aon mheastóireacht a dhéantar de bhun Airteagal 19 de Chinneadh Uimh. 1672/2006/CE nó Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 283/2010/AE, cuirfidh an Coimisiún, más iomchuí, togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena n-áirítear leasuithe iomchuí ar an gClár, chun torthaí na meastóireachta a chur san áireamh.

3. Sula ndéanfar aon togra d'fhadú an Chláir níos faide ná 2020, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht ar láidreachtaí agus laigeachtaí coincheapúla an Chláir sa tréimhse 2014 go 2020 i láthair Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

4. Faoin 31 Nollaig 2022, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ex-post ar thionchar agus ar bhreisluach Aontais gus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh an mheastóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don phobal.

TEIDEAL II

FORÁLACHA ATÁ SONRACH D'AISEANNA CLÁIR

CAIBIDIL I

*An Ais maidir le Dul Chun Cinn***▼M2***Airteagal 14***Ranna téamacha agus maoiniú**

1. Tacóidh an ais maidir le Progress le gníomhaíochtaí sna ranna téamacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c). Cloífidh an miondealú tásach den leithdháileadh foriomlán maidir leis an ais maidir le Progress idir na rannáin théamacha éagsúla leis na híos-chéatadáin seo a leanas thar thréimhse iomlán an Chláir:

- (a) fostaíocht, go háirithe chun dul i ngleic le dífhostaíocht na hóige: 20 %;
- (b) cosaint shóisialta, cuimsiú sóisialta agus laghdú agus cosc na bochtaineachta: 45 %;
- (c) dálaí oibre: 7 %.

Leithdháilfear aon fluílleach ar cheann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) den chéad fhomhír, nó ar theaghlaim díobh sin.

2. Ón leithdháileadh foriomlán don ais maidir le Progress, leithdháilfear cion suntasach de sin ar thástáil shóisialta a chur chun cinn mar mhodh chun réitigh nuálacha a thriail agus a mheas d'fhonn iad a mhéadú ó scála.

▼B*Airteagal 15***Cuspóirí sonracha**

I dteannta na gcuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 4, is iad cuspóirí sonracha na haise maidir le Progress:

▼B

- (a) eolas anailiseach comparáideach ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a scaipeadh d'fhonn a áirithiú go mbeidh beartais an Aontais sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 bunaithe ar fhianaise fhónta agus iad ábhartha maidir le riachtanais, le dúshlán agus le dálaí sna Ballstáit ar leith agus sna tíortha eile atá rannpháirteach sa Chlár;
- (b) comhroinnt faisnéise, foghlaim fhrithpháirteach agus plé, atá éifeachtach agus cuimsitheach, i dtaca le beartais an Aontais sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1 a éascú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis na tíortha eile atá rannpháirteachsa Chlár a gcuid beartas a fhorbairt agus dlí an Aontais a chur chun feidhme;
- (c) tacaíocht airgeadais a thabhairt chun tástáil a dhéanamh ar nuálaíochtaí beartais mhargadh an tsaothair agus shóisialta, agus, i gcás inar gá, cumas na bpríomhghníomhaithe a fhorbairt chun tástáil beartais shóisialta a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus an t-eolas agus an saineolas iomchuí a dhéanamh inrochtana;
- (d) tacaíocht airgeadais a thabhairt don Aontas agus d'eagraíochtaí náisiúnta chun an cumas atá acu a mhéadú chun cur chun feidhme beartas agus reachtaíocht an Aontais a fhorbairt, a chur chun cinn agus tacú léi dá dtagraítear in Airteagal 1 agus i ndlí ábhartha an Aontais.

*Airteagal 16***Cineálacha gníomhaíochtaí**

Féadfar na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas a mhaoiniú faoin ais maidir le Progress:

1. Gníomhaíochtaí anailiseacha:

- (a) bailiú sonraí agus staidreamh, ag cur san áireamh critéar cáilíochtúil agus cainníochtúil araon, chomh maith le modheolaíochtaí coiteanna, aicmiúcháin, micrea-samhlúcháin, táscairí agus tagarmharcanna a fhorbairt, agus, i gcás inarb iomchuí, iad miondealaithe de réir gnéis agus aoisghrúpa;
- (b) suirbhéanna, staidéir, anailísí agus tuarascálacha, lena n-áirítear trí líonraí saineolaithe a mhaoiniú agus trí shaineolas maidir le rannáin téamacha a fhorbairt;
- (c) meastóireachtaí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus measúnuithe tionchair arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí agus príobháideacha araon;
- (d) faireachán agus measúnú ar thrasúí agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais;
- (e) tástáil beartais shóisialta a ullmhú agus a chur chun feidhme mar mhodh chun réitigh nuálacha a thriail agus a mheas d'fhonn iad a mhéadú ó scála;
- (f) scaipeadh thorthaí na ngníomhaíochtaí anailiseacha sin.

▼B

2. Gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí, feasachta agus scaipthe:

- (a) malartuithe agus scaipeadh dea-chleachtais, cineálacha cur chuige nuálacha agus taithí nuálach, athbhreithnithe piaraí, tagarmharcáil agus foghlaim fhrithpháirteach ar an leibhéal Eorpach;
- (b) imeachtaí, comhdhálacha agus seimineáir Uachtaránacht na Comhairle;
- (c) cleachtóirí dlí agus beartais a oiliúint;
- (d) treoracha, tuarascálacha agus ábhar oideachasúil a dhréachtú agus a fhoilsiú agus bearta a bhaineann le faisnéis, cumarsáid agus clúdach meán na dtionscnamh a dtacaíonn an Clár leo;
- (e) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;
- (f) córais faisnéise a fhorbairt agus a chothabháil d'fhonn faisnéis a mhalartú agus a scaipeadh maidir le beartas agus reachtaíocht Aontais agus ar an margadh saothair.

3. Tacaíocht maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) costais oibriúcháin príomhghríasáin ar leibhéal an Aontais a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le cuspóirí na haise maidir le Progress agus a rannchuidíonn siad leo;
- (b) forbairt cumais riarachán náisiúnta agus sainseirbhísí atá freagrach as soghluaisteacht gheografach a chur chun cinn, arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus ag soláthraithe micrich-reidmheasa;
- (c) grúpaí oibre d'oifigigh náisiúnta a eagrú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dhlí an Aontais;
- (d) líonrú agus comhar i measc sainchomhlachtaí agus geall-sealbhóirí ábhartha eile, údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus seirbhísí fostaíochta ar an leibhéal Eorpach;
- (e) faireachlanna ar an leibhéal Eorpach a mhaoiniú, lena n-áirítear ar phríomhrannáin théamacha;
- (f) malartú pearsanra idir riaracháin náisiúnta.

*Airteagal 17***Cómhaoiniú Aontais**

I gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí faoin ais maidir le Progress a mhaoiniú i ndiaidh glaonna ar thograí, féadfaidh siad, mar riail ghinearálta, cómhaoiniú ón Aontas a fháil nach mó ná 80 % den chaitheas incháilithe iomlán. Ní dhéanfar aon tacaíocht os cionn na huasteorann sin a dheonú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla cuí-réasúnaithe.

▼B*Airteagal 18***Rannpháirtíocht**

1. Féadfaidh na tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach san ais maidir le Progress:

- (a) Ballstáit;
- (b) tíortha LEE, i gcomhréir le Comhaontú LEE agus ballstáit EFTA;
- (c) na tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na príonsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta atá leagtha síos sna creat-chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích leo ar a rannpháirtíocht i gclár an Aontais.

2. Féadfaidh na comhlachtaí, gníomhaithe agus institiúidí poiblí agus/nó príobháideacha uile, agus go háirithe na cinn seo a leanas a bheith rannpháirteach san ais maidir le Dul Chun Cinns:

- (a) údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;
- (b) seirbhísí fostaíochta;
- (c) sainchomhlachtaí dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais;
- (d) na comhpháirtithe sóisialta;
- (e) eagraíochtaí neamhrialtasacha;
- (f) institiúidí ardoideachais agus institiúidí taighde;
- (g) saineolaithe i meastóireacht agus i measúnú tionchair;
- (h) oifigí staidrimh náisiúnta;
- (i) na meáin.

3. Féadfaidh an Coimisiún comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus go háirithe le Comhairle na hEorpa, leis an ECFE, leis an EIS, le comhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus leis an mBanc Domhanda.

4. Féadfaidh an Coimisiún comhoibriú le tríú tíortha nach bhfuil rannpháirteach sa Chlár. Féadfaidh ionadaithe na dtríú tíortha sin freastal ar imeachtaí comhleasa (amhail comhdhálacha, ceardlanna agus seimineáir) a tharlaíonn i dtíortha atá rannpháirteach sa Chlár agus féadfar an costas i ndáil lena bhfreastal a chumhdach tríd an gClár.

*CAIBIDIL II****An ais maidir le EURES*****▼M2***Airteagal 19***Ranna téamacha agus maoiniú**

Tacóidh an ais maidir le *EURES* le gníomhaíochtaí sna ranna téamacha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus (c). Cloifidh miondealú tascach den leithdháileadh foriomlán don ais maidir le *EURES* idir na rannáin théamacha éagsúla leis na híos-chéatadán seo a leanas thar thréimhse iomlán an chláir:

▼M2

- (a) trédhearcacht maidir le folúntais poist, le hiarratais ar phost agus le haon fhaisnéis ghaolmhar d'iarrthóirí agus d'fhostóirí: 15 %;
- (b) seirbhísí a fhorbairt chun oibrithe a earcú agus a chur i bhfostaíocht trí fholúntais agus iarratais ar phoist a imréiteach ar leibhéal an Aontais, go háirithe scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírthe: 15 %;
- (c) comhpháirtíochtaí trasteorann: 18 %.

Leithdháilfear aon fhuilleach ar cheann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) den chéad fhomhír, nó ar theaghlaim díobh sin.

▼B*Airteagal 20***Cuspóirí sonracha**

I dteannta na gcuspóirí ginearálta atá leagtha amach in Airteagal 4, is iad cuspóirí sonracha na haise maidir le EURES:

- (a) a áirithiú go ndéanfar folúntais post agus iarratais ar phoist, agus faisnéis agus comhairle chomhfhreagrach chomh maith le haon fhaisnéis ghaolmhar cosúil leis sin a bhaineann le dálaí maireachtála agus oibre, trédhearcach do na hiarratasóirí féideartha agus do na fostóirí, faoi seach. Bainfear é sin amach trí mhalartú agus scaipeadh ar an leibhéal trasnáisiúnta, idir-réigiúnach agus trasteorann trí úsáid a bhaint as foirmeacha caighdeánacha idir-inoibritheachta d'fholúntais poist agus d'iarratais ar phoist agus trí bhealaí oiriúnacha eile, amhail comhairliú agus meantóireacht aonair, go háirithe dóibh siúd ar bheagán oiliúna;
- (b) tacú le soláthar seirbhísí EURES ar seirbhísí iad a dhéanann earcú agus socrú oibrithe i bhfostaíocht cáilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí fholúntais agus iarratais a imréiteach; leathnóidh tacaíocht do sheirbhísí EURES go dtí céimeanna éagsúla socrúcháin, ó ullmhúchán réamh-earcaíochta go cúnaimh iar-socrúcháin d'fhonn an t-iarrthóir a chomhtháthú go rathúil sa mhargadh saothair; d'fhéadfadh scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírthe a bheith i gceist lena leithéid de sheirbhísí tacaíochta chun folúntais poist a líonadh in earnáil, gairm bheatha, tír nó grúpa tíortha áirithe nó do ghrúpaí áirithe oibrithe, amhail daoine óga a mbeadh luí acu leis an tsoghluaisteacht, i gcás inar sainaitníodh gá soiléir eacnamaíoch.

*Airteagal 21***Cineálacha Gníomhaíochtaí**

Féadfar an ais maidir le EURES a úsáid chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun soghluaisteacht dheonach daoine aonair san Aontas a chur chun cinn ar bhonn cothrom agus chun bacainní soghluaisteachta a bhaint as, agus go háirithe:

- (a) forbairt agus gníomhaíochtaí comhpháirtíochtaí trasteorann EURES sa chás go n-iarrann seirbhísí é a bhfuil freagracht chríochach orthu as réigiún teorann;

▼B

- (b) seirbhísí faisnéise, comhairliú, socrúcháin agus earcaíochta a sholáthar d'oibrithe trasteorann;
- (c) forbairt an ardáin dhigitigh ilteangaigh d'imréiteach folúntas poist agus iarratas ar phoist;
- (d) scéimeanna soghluaisteachta spriocdhíritha a fhorbairt, i ndiaidh glaonna ar thograí, chun folúntais post a líonadh, sa chás gur aithníodh easnaimh sa mhargadh saothair, agus/nó chun cabhrú le hoibrithe a bhfuil claonadh acu a bheith soghluaiste sa chás go bhfuil riachtanas soiléir eacnamaíoch aitheanta;
- (e) foghlaim fhrithpháirteach idir gníomhaithe EURES agus oiliúint comhairleoirí EURES, lena n-áirítear comhairleoirí chomhpháirtíocht trasteorann EURES;
- (f) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feasacht a ardú maidir leis na tairbhí a bhaineann le soghluaisteacht gheografach agus ceirde i gcoitinne agus leis na gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá á soláthar ag EURES.

*Airteagal 22***Cómhaoiniú Aontais**

I gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí faoin ais maidir le EURES a mhaoiniú i ndiaidh glaonna ar thograí, ní rachaidh cómhaoiniú Aontais, mar riail ghinearálta, thar 95 % den chaiteachas incháilithe iomlán. Ní dheonófar aon tacaíocht airgeadais os cionn na huasteorann sin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla cuí-réasúnaithe.

▼M1**▼B***Airteagal 24***Rannpháirtíocht**

1. Beidh rannpháirtíocht san ais maidir le EURES ar oscailt dóibh seo a leanas:

- (a) Ballstáit:
- (b) tíortha LEE, i gcomhréir le Comhaontú LEE, agus Cónaidhm na hEilvéise, i gcomhréir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine ⁽¹⁾.

▼M1

2. Beidh rannpháirtíocht in ais EURES ar oscailt do na comhlachtaí, do na gníomhaithe, agus do na hinstiúidí uile a ainmníonn Ballstát nó an Coimisiún agus a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i líonra EURES, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Ar na comhlachtaí, ar na gníomhaithe agus ar na hinstiúidí sin, áireofar, go háirithe, na dreamanna seo a leanas:

- (a) údarais náisiúnta, údarais réigiúnacha agus údarais áitiúla;

⁽¹⁾ IO L 114, 30.4.2002, lch. 6.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comtháthú breise ar mhargáí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1).

▼ M1

- (b) seirbhísí fostaíochta;
- (c) eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta agus páirtithe leasmhara eile.

▼ B*CAIBIDIL III**An Ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta***▼ M2***Airteagal 25***Ranna téamacha agus maoiniú**

Tacóidh an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta le gníomhaíochtaí sna ranna téamacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b). Cloífidh miondealú tásach den leithdháileadh foriomlán don ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta idir na rannáin théamacha éagsúla leis na híos-chéatadáin seo a leanas le linn tréimhse iomlán an chláir:

- (a) micreamhaoiniú do ghrúpaí leochaileacha agus do mhicrifhiontair: 35 %;
- (b) fiontraíocht shóisialta: 35 %.

Leithdháilfear aon fhuilleach ar na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den chéad fhomhír nó ar theaghlaim díobh sin.

▼ B*Airteagal 26***Cuspóirí sonracha**

I dteannta na gcuspóirí sonracha atá leagtha amach in Airteagal 4, is iad cuspóirí sonracha na haise maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta:

- (a) rochtain agus infhaighteacht ar mhicreamhaoiniú dóibh seo a leanas a mhéadú:
 - (i) daoine leochaileacha a chaill a bpost nó atá i mbaol a bpost a chailleadh, nó daoine a bhfuil deacracht acu dul isteach i margadh an tsaothair nó filleadh air, nó daoine atá i mbaol a bheith eisiata go sóisialta agus atá faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain ar an ngnáthmhargadh creidmheasa agus ar mian leo a micrifhiontair féin a thosú nó a fhorbairt;
 - (ii) micrifhiontair ag an staid nuathionscanta agus forbartha araon, go speisialta micrifhiontair a fhostaíonn daoine dá dtagraítear i bpointe (a);
- (b) Cumas institiúideach na soláthraithe micrichreidmheasa a fhorbairt;

▼B

- (c) Tacú le margadh na hinfheistíochta sóisialta a fhorbairt chun rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair shóisialta a éascú trí ghnáthscaireanna, samhail-ghnáthscaireanna, ionstraimí d'iasachtaí agus deontais suas go dtí EUR 500 000 a chur ar fáil d'fhiontair shóisialta, a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 30 milliún acu nó iomlán bliantúil den chlár comhardaithe nach mó ná EUR 30 milliún, nach gnóthas comhinfeistíochta iad féin.

D'fhonn comhlántacht a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ina réimsí inniúlachta faoi seach, na gníomhaíochtaí seo a chomhordú go dlúth leo siúd a dtugtar fúthu i gcreat an bheartais chomhtháthaithe agus na mbeartas náisiúnta.

*Airteagal 27***Cineálacha gníomhaíochtaí**

Féadfar tacaíocht do mhicreamhaoiniú agus d'fhiontair shóisialta, lena n-áirítear forbairt cumais institiúidigh, go háirithe trí na hionstraimí airgeadais a bhforáiltear dóibh faoi Theideal VIII de Chuid a haon den Rialachán Airgeadais, agus deontais a sholáthar faoin ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta.

*Airteagal 28***Rannpháirtíocht**

1. Beidh rannpháirtíocht faoin ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta ar oscailt do chomhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha arna mbunú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil sna tíortha dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus a sholáthraíonn na nithe seo a leanas sna tíortha sin:

(a) micreamhaoiniú do dhaoine agus do mhicrifhiontair; agus/nó

(b) maoiniú le haghaidh fiontar sóisialta.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an ais inrochtana, gan idirdhealú, do gach comhlacht poiblí agus príobháideach sna Ballstáit.

3. Chun lámh a shíneadh chuig na tairbhíthe deiridh agus le micrifhiontair iomaíocha inmharthana a chruthú, is é a dhéanfaidh comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha a chuireann gníomhaíochtaí i gcríoch dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna thairbhíthe deiridh an mhicrichreidmheasa agus le heagraíochtaí, go háirithe na heagraíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ó CSE agus déanfaidh siad cláir oiliúna agus mheantóireachta a chur ar fáil do na tairbhíthe deiridh sin. Sa chomhthéacs sin, déanfar obair leantach leordhóthanach maidir leis na tairbhíthe a áirithiú roimh agus i ndiaidh chruthú an mhicrifhiontair araon.

4. Cloífidh comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí príobháideacha a dhéanann gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 le caighdeán arda i ndáil le rialachas, bainistíocht agus cosaint an chustaiméara ar aon dul le prionsabail Chód na hEorpa um Dhea-Iompar

▼B

maidir le Soláthar Micreamhaoiniúcháin agus féachfaidh siad le cosc a chur ar ró-fhiachas daoine agus gnóthas, mar shampla, mar thoradh ar iasachtaí a bheith tugtha dóibh ag rátaí úis arda nó faoi théarmaí ar dóigh go mbeidh sé mar thoradh orthu go n-éireoidh siad dócmhainneach.

*Airteagal 29***Rannhuidiú airgeadais**

Cé is moite i gcás gníomhaíochtaí comhphárteacha, cuimseoidh na leithreasuithe airgeadais a leithdháilfear ar an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta costas iomlán na ngníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme trí bhíthin ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear oibleagáidí iocaíochta i dtreo idirghabhálacha airgeadais, amhail caillteanais ó ráthaíochtaí, táillí bainistíochta do na heintitis a bhainistiónn rannhuidiú an Aontais agus aon chostais eile atá incháilithe.

*Airteagal 30***Bainistíocht**

1. D'fhonn na hionstraimí agus na deontais dá dtagraítear in Airteagal 27 a chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe a thabhairt i gcrích leis na heintitis atá liostaithe in Airteagal 139(4) den Rialachán Airgeadais, agus go háirithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta. I gcomhaontuithe den sórt sin leagfar amach forálacha mionsonraithe maidir leis na cúraimí arna gcur ar iontaoibh ar na heintitis sin, lena n-áirítear forálacha ina sonraítear an gá atá le breisiocht agus comhordú le hionstraimí airgeadais náisiúnta agus le hionstraimí airgeadais an Aontais a áirithiú agus an gá atá leis na hacmhainní a chionroinnt ar bhealach cothromúil ar na Ballstáit agus ar na tíortha rannphárteacha eile. Is féidir ionstraimí airgeadais faoi Theideal VII de Chuid a hAon den Rialachán Airgeadais, a sheachadadh trí mheán infheistíochta tiomnaithe, ar féidir é a bheith maoinithe ag cistí an Chláir, ag infheisteoirí eile nó ag an dá rud.

2. Féadfaidh an meán infheistíochta tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1, inter alia, iasachtaí, caipiteal cothromais agus ionstraimí um chomhroinnt riosca d'idirghabhálaithe a chur ar fáil nó airgeadas díreach d'fhiontair shóisialta nó an dá rud. Is féidir caipiteal cothromais a chur ar fáil inter alia i bhfoirm rannpháirtíochtaí cothromais oscailte, infheistíochtaí díomhaoine, iasachtaí scairshealbhóirí agus teaghlaim de chineálacha éagsúla rannpháirtíochtaí cothromais arna n-eisiúint do na hinfeisteoirí.

3. Léireoidh na coinníollacha, amhail rátaí úis, do mhicreach-reidmheasanna arna dtacú go díreach nó go hindíreach i gceat na haise seo tairbhe na tacaíochta agus beidh siad inchosanta maidir leis na rioscaí atá taobh thiar díobh agus costas iarbhir an mhaoinithe a bhaineann le creidmheas.

4. I gcomhréir le hAirteagal 140(6) den Rialachán Airgeadais, sannfar aisiocaíochtaí bliantúla arna nginiúint ag ionstraim airgeadais amháin don ionstraim airgeadais sin go dtí an 1 Eanáir 2024, ach iontrálfar ioncaim i mbuiséad ginearálta an Aontais tar éis do chostais agus táillí bainistíochta a bheith asbhainte. I gcás ionstraimí airgeadais a bunaíodh cheana sa chreat airgeadais ilbhliantúil roimhe sin don tréimhse 2007-2013, déanfar aisiocaíochtaí bliantúla agus ioncaim a gineadh in oibríochtaí ar cuireadh tús leo sa tréimhse roimhe sin a shannadh don ionstraim airgeadais sa tréimhse reatha.

▼B

5. Ar dhul in éag do na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó tar éis tréimhse infheistíochta an mheáin thiomanta infheistíochta a bheith críochnaithe, déanfar an t-iarmhéid atá dlite don Aontas a íoc isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais.

6. Déanfaidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus, i gcás inarb ábhartha, na bainisteoirí ciste comhaontuithe i scríbhinn a chur i gcrích leis na comhlachtaí poiblí agus na comhlachtaí príobháideacha dá dtagraítear in Airteagal 28. Leagfar síos sna comhaontuithe sin oibleagáidí na soláthraithe poiblí agus na soláthraithe príobháideacha chun úsáid a bhaint as na hacmhainní arna gcur ar fáil faoin ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 26 agus chun faisnéis a chur ar fáil chun na tuarascálacha bliantúla dá bhforáiltear in Airteagal 31 a dhréachtú.

*Airteagal 31***Tuarascálacha cur chun feidhme**

1. Cuirfidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 30(1) agus, i gcás inarb ábhartha, na bainisteoirí ciste tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla chuig an gCoimisiún ina leagfar amach na gníomhaíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh agus ina gcumhdófar a gcur chun feidhme airgeadais agus an leithdháileadh agus inrochtaineacht maoinithe agus infheistíochta de réir earnála, limistéir gheografaigh agus cineáil tairbhí. Beidh cur síos sna tuarascálacha cur chun feidhme sin ar na hiarratais ar glacadh leo agus ar diúltaíodh rompu i ndáil le gach cuspóir sonracha agus na conarthaí a thug na comhlachtaí poiblí agus príobháideacha lena mbaineann i gcrích, na gníomhaíochtaí a maoiníodh agus na torthaí, lena n-áirítear i dtéarmaí a dtionchair shóisialta, cruthú fostaíochta agus inbhuanaitheacht na tacaíochta arna tabhairt. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin chuig Parlaimint na hEorpa ar mhaithe le faisnéis.

2. Beifear in ann an fhaisnéis arna cur ar fáil sna tuarascálacha cur chun feidhme bliantúla sin ar dhul chun cinn a úsáid sna tuarascálacha faireacháin débhlíantúla dá dtagraítear in Airteagal 13. Áireofar lena leithéid de thuarascálacha faireacháin na tuarascálacha bliantúla a bhforáiltear dóibh in Airteagal 8(2) de Chinneadh Uimh 283/2010/AE, mionsonraí maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéis maidir le comhlántacht le hionstraimí Aontais eile, go sonracha an CSE.

TEIDEAL III

CLÁIR OIBRE AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 32***Cláir Oibre agus forálacha críochnaitheacha**

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos clár oibre aonair a chumhdóidh na trí ais. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3).

▼M2

Beidh na cláir oibre, i gcás inarb ábhartha, ar feadh tréimhse rollach 3 bliana agus beidh cur síos iontu ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú i ngach clár oibre, mar aon leis an gcineál nós imeachta, an cuimsiú geografach, an spriocghrúpa agus creat ama cur chun feidhme tásach.

▼M2

Beidh léiriú san áireamh sna cláir oibre freisin maidir leis an méid arna leithdháileadh ar gach cuspóir sonrach agus feicfeadh iontu ath-leithdháileadh na geistí i gcomhréir le hAirteagal 33. Déanfaidh na cláir oibre comhtháiteacht an Chláir a dhaingniú trí léiriú a thabhairt ar na naisc idir na trí hais.

▼B*Airteagal 35***Bearta cur chun feidhme breise**

Déanfar bearta atá riachtanach do chur chun feidhme an Chláir, amhail na critéir chun meastóireacht a dhéanamh ar an gClár, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le héifeachtacht ó thaobh costas de agus na socruithe chun torthaí a scaipeadh agus a aistriú, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

*Airteagal 36***Nós imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 37***Bearta idirthréimhseacha**

Gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1672/2006/CE, a bheidh tionscanta roimh 1 Eanáir 2014, beidh siad fós á rialú ag an gCinneadh sin. Maidir leis na gníomhaíochtaí sin, tabharfaidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán seo cúnaimh don Choimisiún.

*Airteagal 38***Meastóireacht**

1. Cuirfeadh an mheastóireacht chríochnaitheach dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 283/2010/AE ar áireamh sa mheastóireacht chríochnaitheach dá bhforáiltear in Airteagal 14(2).
2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chríochnaitheach shonrach ar an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dul in éag do na comhaontuithe leis na heintitis.

*Airteagal 39***Leasuithe ar Chinneadh Uimh. 283/2010/AE**

Leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 5 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

▼B

"4. Ar dhul in éag na Saoráide, cuirfear an t-iarmhéid atá dlite don Aontas ar fáil le haghaidh micreamhaoinithe agus tacaíochta d'fhiontair shóisialta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhos-taíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") (*).

(*) IO L 347, 20.12.2013, lch. 238";

(2) In Airteagal 8, scriostar mír 3 agus mír 4.

*Airteagal 40***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.